Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10940 — CPPIB / MONTAGU / UNIVERSAL INVESTMENT / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 454/07)

1. An 22 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Montagu Private Equity LLP ("Montagu", an Ríocht Aontaithe),

— Canada Pension Plan Investment Board ("CPPIB", Ceanada),

— Universal Investment GmbH ("Universal Investment", an Ghearmáin), faoi rialú deiridh Alpha LuxCo 2 SARL (an Ghearmáin).

Gheobhaidh Montagu agus CPPIB, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, rialú comhpháirteach ar Universal Investment.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnóthas cothromais phríobháidigh é MONTAGU, agus is sa Ríocht Aontaithe atá a cheanncheathrú. Díríonn sé ar shocruithe agus infheistíochtaí i gceannaigh cuideachtaí thar barr amach, i dTuaisceart na hEorpa go háirithe.

— Is eagraíocht ghairmiúil bainistíochta infheistíochtaí é CPPIB, agus infheistíonn sé na cistí a aistríonn Canada Pension Plan ("CPP") chuige nach bhfuil gá ag CPP leo chun sochair reatha a íoc thar ceann 21 mhilliún ranníocóir agus tairbhí.

— Is soláthraí seirbhíse don earnáil cistí infheistíochta é UNIVERSAL INVESTMENT, agus is in Frankfurt na Gearmáine atá a cheanncheathrú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10940 — CPPIB / MONTAGU / UNIVERSAL INVESTMENT / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË